Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Samhain 2023
(OR. en)

15178/23

LIMITE

TELECOM 324
CDN 5
RELEX 1286
COMPET 1085
SERVICES 48

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Formhuiniú agus údarú chun an Chomhpháirtíocht Dhigiteach idir an tAontas agus Ceanada a shíniú thar ceann an Aontais<br>– Formheas ionstraime neamhcheangailtí |

1. An 14 Márta 2023, chuir an Coimisiún Eorpach an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise ar an eolas, i nóta[1], go bhfuil sé ar intinn aige tús a chur leis an bplé maidir le comhpháirtíocht dhigiteach aonair le Ceanada d'fhonn comhar a bhunú maidir le claochlú digiteach an gheilleagair agus na sochaí.

2. Mheabhraigh an Coimisiún, i bhfianaise an naisc idir beartas digiteach inmheánach agus beartas digiteach seachtrach an Aontais, gur fógraíodh sa Teachtaireacht maidir leis an gCompás Digiteach[2] go dtógfadh an tAontas comhpháirtíochtaí digiteacha idirnáisiúnta láidre a bheadh ar aon dul le ceithre cholún an Chompáis Dhigitigh: bonneagair, scileanna, claochlú digiteach gnólachtaí, agus digiteáil seirbhísí poiblí. I gcomhréir leis an gcur chuige sin, agus an dea-chomhar atá ann cheana le Ceanada á chur san áireamh, mhínigh an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige an tIdirphlé Digiteach atá ann cheana le Ceanada a uasghrádú chuig comhpháirtíocht dhigiteach, bunaithe ar shamhail na gcomhpháirtíochtaí digiteacha a comhaontaíodh le déanaí leis an tSeapáin, le Poblacht na Cóiré agus le Singeapór.

[1] WK3222/23.
[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/TXT/?uri=CELEX%3A52021DC0118

3. Tar éis do Coreper é a fhormheas an 22 Márta 2023, d'údaraigh an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh don Choimisiún comhpháirtíocht dhigiteach aonair a chaibidil le Ceanada i bhfoirm ionstraim neamhcheangailteach an 28 Márta 2023.

4. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise an 9 Samhain 2023, chuir an Coimisiún na toscaireachtaí ar an eolas faoi thoradh na caibidlíochta le Ceanada agus thíolaic sé dréacht-téacs na comhpháirtíochta digití[3]. Tríd is tríd, tacaíodh leis an dréacht. Cuireadh moltaí na dtoscaireachtaí maidir le leasuithe beaga san áireamh agus chuir an Coimisiún dréacht-téacs athbhreithnithe chuig an gComhairle an 10 Samhain 2023.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, agus d'fhonn an chomhpháirtíocht dhigiteach le Ceanada a shíniú tráth an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus Ceanada, atá beartaithe an 23-24 Samhain 2023, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– téacs na comhpháirtíochta digití le Ceanada, mar a leagtar amach in 15356/23 é, a fhormheas mar mhír A le linn an tseisiúin AGRIFISH a bheidh aici an 20 Samhain 2023, agus

– a aontú, i gcás inar gá tuilleadh coigeartuithe a dhéanamh ar an téacs chun a áirithiú go dtiocfaidh an tAontas agus Ceanada ar chomhaontú, go bhféadfar an téacs a oiriúnú dá réir, ar choinníoll nach ndéanfaidh na hathruithe difear do shubstaint ná d'intinn sheasamh an Aontais.

---

[3] WK14151/23.